

## Míolta farraige

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhíolta farraige ar bhradáin. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceistanna seo le do ghrúpa:

- i. An maith leat bradán a ithe?
- ii. An bhfuil aon tagairt don bhradán i miotaseolaíocht na hÉireann?
- iii. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le feirmeacha éisc, dar leat?
- iv. An bhfuil na héisc seo ar eolas agat: *breac geal, langa, trosc, ballach, scadán, colmóir* agus *cadóg*?

**Ceist 2** An bhfuil Gaeilge agat ar na focail / téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- trials / tests: \_\_\_\_\_
- to try to: \_\_\_\_\_
- species: \_\_\_\_\_
- to manage: \_\_\_\_\_
- to keep under control: \_\_\_\_\_
- surroundings / neighbourhood: \_\_\_\_\_
- a regular supply of wrasse: \_\_\_\_\_

Féachaigí ar an mír den chéad uair agus féachaigí an raibh an ceart agaibh.

**Ceist 3** Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceistanna:

1. Cad iad na trialacha atá á ndéanamh faoi láthair ar fheirmeacha éisc?
2. Cén t-eolas a thugtar dúinn sa mhír faoin mballach?
3. Cén fáth ar luadh *Marine Harvest Ireland*?
4. Conas a gheobhaidh *Marine Harvest Ireland* na ballaigh?

**Ceist 4** ‘...trialacha á ndéanamh...’  
‘...a leithéid de mhodh bainistíochta a bheith á thriail...’

- A. Cén fáth a bhfuil urú ar an gcéad sampla thuas agus séimhiú ar an dara ceann. Is iad na litreacha i gcló trom atá i gceist.
- B. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois, ag leanúint na samplaí thuas:
1. What are you doing?
  2. There’s a new tool being used to build the machines.
  3. I’m eating the chips.
  4. The school is being managed by the committee.
  5. He fell while he was cleaning the house.

**Ceist 5** Samplaí de na tuisil:

- in iarthar na tíre
- an chúis
- A Sheáin
- san Eoraip

Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus freagraí na ceisteanna seo le chéile:

- (1) Cad is **tuisseal** ann, nó 'case' i mBéarla?
- (2) Ceangail na samplaí thuas leis na tuisil chearta sa bhosca.

1. An tuisseal ainmneach	a.
2. An tuisseal gairmeach	b.
3. An tuisseal tabharthach	c.
4. An tuisseal ginideach	d.

- (3) Cad é an tuisseal is deacra, dar leat?
- (4) An gceapann tú go bhfuil na tuisil i dteangacha eile?

**Ceist 6** '...líon na bhfeirmeacha...'

Is minic a mheashtar na focail **líon** agus **méid**. An féidir leat dhá abairt a chumadh le haghaidh **líon** agus dhá abairt eile a chumadh le haghaidh **méid**, lena mbrí a léiriú.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinntear an tuairisc.

#### Na héisc

*breac geal* – sea trout

*langa* – ling

*trosc* – cod

*ballach* – wrasse / rock salmon

*scadán* – herring

*colmóir* – hake

*cadóg* – haddock

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

trials / tests:	<i>trialacha</i>
to try to:	<i>féachaint le</i>
species:	<i>speiceas</i>
to manage:	<i>a bhainistiú</i>
to keep under control:	<i>a choimeád faoi smacht</i>
surroundings / neighbourhood:	<i>comharsanacht</i>
a regular supply of wrasse:	<i>soláthar rialta ballach</i>

### Ceist 3

1. Tá an t-iasc, an ballach, á úsáid chun fadhb na míolta farraige ar bhradáin a réiteach. Tá sé in úsáid in áit ceimicí chun na míolta farraige a ithe.
2. Is iasc glantacháin é an ballach a itheann seadáin a bhíonn ar éisc eile. Úsáidtear an ballach chun fadhb na míolta farraige a bhainistiú in Albain cheana féin agus tá ag éirí sármhaith leis an tionscadal.
3. Is comhlacht é *Marine Harvest Ireland* a bhfuil go leor feirmeacha éisc aige ar fud na hÉireann. Tá feirm éisc dá chuid in Albain ag úsáid na mballach chun na míolta farraige a bhainistiú agus tá ag éirí go maith leis sin. Tá sé i gceist ag an gcomhlacht ballaigh a cheannach in Éirinn leis an gcóras bainistíochta céanna a chur i bhfeidhm anseo.
4. Beidh timpeall 40,000 ballach ag teastáil ó *Marine Harvest Ireland* agus tá súil aige na ballaigh a cheannach ó iascairí áitiúla ar €1.25 an ceann. Ach beidh soláthar rialta ballach ag teastáil dá bharr sin, a deir eolaithe a rinne taighde ar an tionscadal. Beidh ionad speisialta de dhíth chun na ballaigh a phórú agus chun bia speisialta a tháirgeadh.

### Ceist 4

A. Sa chéad sampla tá an 'á' ag tagairt siar don ainmfhocal **trialacha**, focal atá san uimhir iolra. Sa dara sampla tá an 'á' ag tagairt siar don ainmfhocal **leithéid**, focal atá san uimhir uatha agus firinsneach.

B.

1. Cad atá á dhéanamh agat?
2. Tá uirlis nua á húsáid chun na meaisíní a thógáil.
3. Tá na sceallóga á n-ithe agam.
4. Tá an scoil á bainistiú ag an gcoiste.
5. Thit sé nuair a bhí an teach á ghlanadh aige.

### Ceist 5

(1) Is é atá i gceist leis na *tuisil* ná foirmeacha faoi leith den ainmfhocal a úsáidtear, ag brath ar na focail eile atá timpeall air.

(2) Féach:

1. An tuiséal ainmneach	a. an chúis
2. An tuiséal gairmeach	b. A Sheáin
3. An tuiséal tabhartha	c. san Eoraip
4. An tuiséal ginideach	d. in iarthar <u>na tíre</u>

- (3) Tuairimíocht atá i gceist anseo.
- (4) Tá na tuisil i dteangacha eile, ar nós na Gearmáinise, na Gréigise, na Rúisise agus na Fionlainnise. Bhíodh a leithéid sa Bhéarla fadó.

**Ceist 6**

líon – the number of...  
méid – amount, volume

### Emer Ní Chonaola

Tá trialacha á ndéanamh ar fheirmeacha éisc in iarthar na tíre féachaint le fadhb na míolta farraige ar bhradáin a réiteach. In áit ceimicí a úsáid tá siad le hiasc eile, an ballach, a chur isteach sna cliabháin in éindí<sup>1</sup> leis na bradáin mar go mbíonn an-dúil ag na ballaigh is cosúil sna míolta céanna. Léiríonn taighde go bhfuil ag éirí leis an réiteach seo i dtíortha eile san Eoraip.

### Tomás Ó Mainnín

Speiceas éisc an ballach, speiceas go dtugtar iasc glantacháin air de bharr go n-itheann sé paraisítí<sup>2</sup> de bhric<sup>3</sup> eile. Sin é an chúis go bhfuil an comhlacht feirmeoireachta bradán *Marine Harvest Ireland* tar éis os cionn dhá mhíle ceann a chur isteach ina fheirm agus ina chliabháin<sup>4</sup> i nGlinisce i gConamara le déanaí.

Dúirt *Marine Harvest Ireland* gur togra straitéiseach é seo chun bainistiú a dhéanamh ar mhíolta farraige ar a bhfeirmeacha éisc ar fud na hÉireann. Ó 2010, dúradar go raibh méadú mór ar líon na bhfeirmeacha éisc in Albain atá ag úsáid ballach<sup>5</sup> chun míolta farraige a choimeád faoi smacht agus go bhfuil ag éirí leo é sin a dhéanamh. Tá feirm bhradán eile ag an gcomhlacht i gcomharsanacht Charna agus meastar go mbeidh timpeall is le daichead míle ballach ag teastáil anseo.

Dúirt *Marine Harvest Ireland* go raibh súil acu ballaigh a cheannach ó iascairí áitiúla. Meastar go mbeidh suas le €1.25 an ceann á thairiscint d'iascairí ar bhallaigh. Is é seo an chéad uair a leithéid de mhodh bainistíochta a bheith á thriail in Éirinn. Ach de bharr an líon mór ballach<sup>6</sup> a bheidh ag teastáil, deir *Marine Harvest Ireland* má éiríonn leo, go mbeadh sé beartaithe acu feirm éisc de bhallaigh a fhorbairt sna blianta romhainn. Tá taighde déanta ag Institiúid na Mara in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar an gcóras bainistíochta seo. Léirigh an taighde sin go n-éiríonn leis na ballaigh bainistiú a dhéanamh ar na míolta farraige. Ach deir na heolaithe a bhí páirteach sa taighde sin go dteastódh soláthar rialta ballach, ó shíol go breac agus go mbeadh ionad speisialta ag teastáil uathusan<sup>7</sup> ar thalamh agus chun bia speisialta a tháirgeadh chomh maith. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i gContae na Gaillimhe.

---

<sup>1</sup> in éineacht atá sa chaighdeán

<sup>2</sup> seadán atá sa chaighdeán

<sup>3</sup> Is focal eile é *breac* ar *iasc*.

<sup>4</sup> ina bhfeirm agus ina gliabháin a deirtear.

<sup>5</sup> ballaigh a deirtear

<sup>6</sup> ballaigh a deirtear

<sup>7</sup> dóibhsean a deirtear